Mór do-níd daoine dhíobh féin

[O'Grady. S., *Catalogue of Irish Mss. in the British Museum*, Vol. 1, 555-6; Add. 29,614]

Fear Feasa Ó'n Cháinte cecinit

1 Mór doghníd daoine dhíob féin
le cinnsel beg le baoithchéill;
le labra grianda nach glan
d'iarraid anma nach faghtar.

2 Is é as dét do dhremaib
bhíos gan iul gan aointengaid;
mes do chur ar cheird gach fir
mar sheilb ar ndul i ndaoinib.

3 Maoidhid do bhriathraib baotha
go mbíd fesach fíorshaotha;
gan d'eladain ann acht sen
barr merabaill an maoidem.

4 Adeir ughdar aca sin
bhíos gan phoinn féin dá phaidir;
do thuill tár do chaith a chion
ní maith an dán re déiniom.

5 Adeirid do dhrécht shnoighte
bhíos gan easbaid ullmoighte;
's nach fuair tár do thogha ar sgoil
is dona an dán an dán soin.

6 D'egla go lenfaide a lorg
adeir trú bhíos na bhastord;
ní chongbann a chuma anos
ní fhognann sunna an senchos.

7 Adeir fer fedghoile díobh
risan gceol bud cheol d'airdríogh;
ní chuala serbas acht sin
nemblas uada ar na hoidib.

8 Glór an amláin gan aithne
drong lemh lucht a shaothraighte;
tiucfa riu sonn a serbas
ní fiu bonn a mbreithemnas.

9 Gailian Ipocráid amhra
gér bh'égcinnte a n-eladhna;

tábochtaig gan cheo gan ches
ní lánfortail leo a leighes.

10 Adeirid na buirb bhochta
risin ndoctúir ndiadhochta;
mar do chlecht a ndíomus dóib
nach cert shíolus a shenmóir.

11 Ní bhí ina ainbfios orthaib
aonphonc do na helodhnaib;
más fíor da bfaradmáil féin
amadáin faríor iadséin.

12 Saoilid féin le foglaim mbig
nach maith ní acht ní adeirid;
nó ní gan fhaitchios gan oil
nó ní thaithnios re a dtoloib.

13 Do'n fhuirinn is aidhme suilt
glóirbhriathar begán tábuicht;
siobhal halla íota ghér
píopa canna is coilér.

14 Bedaidhecht brasairecht búird
tathaoir eoluis gach aonúird;
dúil i méin toirm gan treise
as foirm don droing daoineise.

15 Briathra forránta feidhm tim
fuairchinnsel nach fiu pinginn;
delb mhagaid egna gan fhos
fregra abaid gan eolos.

16 Daondacht gan dérlacad bhuinn
saighdiuracht sechnadh comluinn;
caint bhregdha chríonda gan chéill
gníoma na helbha iadséin.

17 Mairg thair iadsan d'aithle cháich
lucht maoidimh nach mór édáil;
druidelta do chailg ár gcion
mairg d'ar chuidechta a gcinnsiol.

18 Ináit na soibhés sennda
is na nguithedh ngaoidelta;
a gcerda naoide is mairg mhór
daoine gan aird a n-úrmhór.

19 Fiu ár ngníoma gan ghabáil rinn

in lá bérthar breith oirinn;
a lenb muna bfille an óg
a fherg linne bud rómhór.